C/2026/3207

12.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12359 — MUTARES / JADEED)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3207)

1. An 1 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Mutares SE & Co. KGaA ('Mutares') (an Ghearmáin),

— Jadeed Holding B.V. (an Ísiltír), ar leis an ngrúpa SABIC International Holdings B.V. (an Ísiltír) agus Plastics US Holding LLC (SAM) é, ar leis an ngrúpa SABIC US Holdings LP (SAM) iad, ar a dtugtar le chéile 'Jadeed' nó na 'Sprioc-chuideachtaí'.

Gheobhaidh Mutares rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Jadeed.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta idirnáisiúnta é Mutares SE & Co. KGaA. Tá a straitéis infheistíochta bunaithe ar bhainistiú gníomhach slánúcháin arb é is aidhm dó oibríochtaí a chobhsú agus fás inbhuanaithe brabúsach a bhaint amach. Tá Mutares gníomhach i roinnt earnálacha, lena n-áirítear Gluaisteáin agus Soghluaisteacht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht, Bonneagar agus Tionscal Speisialta, Earraí agus Seirbhísí, agus Ceimiceáin agus Ábhair.

— Is éard atá in Jadeed Holding B.V agus Plastics US Holding LLC scagadh amach Teirmeaplaistigh Innealtóireachta ('ETP') ghnó SABIC i gCríocha Mheiriceá agus san Eoraip agus is monaróirí agus soláthróirí trí chineál plaistigh iad: Polacarbónáit, Teireataláit Pholabúitiléine agus Stiréin Bhútaidhé-éine Aicrilinítríle. Is teirmeaplaistigh innealtóireachta iad a bhfuil airíonna meicniúla sainithe acu agus atá á n-úsáid ag custaiméirí in earnálacha, lena n-áirítear Mótarfheithiclí, Foirgníocht agus Tógáil, Curám Sláinte, Earraí Leictreacha agus Leictreonaic, Tomhaltóirí, agus in earnálacha eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12359 — MUTARES / JADEED

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË